Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12654/23**

**INST 319**
**POLGEN 120**
**AG 96**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 12540/23 |
| Ábhar: | Clársceidealú reachtach<br>- Malartú tuairimí |

1. In 2016, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil an Aontais a atreisiú tríd an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1] (IIA-BLM míreanna 4 - 11). Chomh maith leis sin in 2016, d'fhormheas an Chomhairle a socruithe praiticiúla maidir le clársceidealú bliantúil[2].

2. I gcomhréir le IIA-BLM (mír 6), rachaidh an Coimisiún i mbun idirphlé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, sula nglacfar a Chlár Oibre bliantúil agus ina dhiaidh sin araon; i ndiaidh na díospóireachta ar Staid an Aontais agus sula nglacfar Clár Oibre an Choimisiúin, go sonrach, beidh malartú tuairimí ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle leis an gCoimisiún a bheidh bunaithe ar an *Litir intinne*.

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1
[2] 6879/16

3. D’eisigh an Coimisiún a *Litir intinne*[3] an 13 Meán Fómhair 2023. Leagfar amach sa litir na príomhghnéithe lena dtreorófar ullmhú Chlár Oibre 2024 an Choimisiúin.

4. An 19 Meán Fómhair 2023, éistfidh an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) le cur i láthair an Choimisiúin maidir lena *Litir intinne* agus beidh malartú tuairimí aici faoin gclársceidealú reachtach.

5. D'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an malartú tuairimí sin ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Meán Fómhair 2023.

6. Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, nóta cúlra leis na ceisteanna ón Uachtaránacht maidir leis an malartú tuairimí.

---

[3] 12541/23

**IARSCRÍBHINN**

**Clársceidealú reachtach**

**- Malartú tuairimí -**

**Réamhrá**

Leagadh amach comhaontú idirinstitiúideach 2016 maidir le reachtóireacht níos fearr[4] chun clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil an Aontais a threisiú d'fhonn reachtóireacht a fheabhsú, agus gníomhaíochtaí agus tionscnaimh an Aontais a dhíriú ar na príomhthosaíochtaí beartais a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo. Ó shin i leith, ghlac Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach páirt i dtimthriallta clársceidealaithe bliantúla chun na tosaíochtaí polaitiúla agus reachtacha a chinneadh gach bliain. In 2024, leanfar d'obair institiúidí an Aontais a threorú leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha do 2023 agus 2024[5], a síníodh i mí na Nollag 2022 agus ina leagtar amach fís chomhroinnte Eorpach d'Eoraip níos láidre agus níos athléimní.

Tá gá le gníomhaíocht chinntitheach ón Aontas agus ó na Ballstáit i gcónaí mar gheall ar éifeachtaí méadaitheacha an athraithe aeráide agus na dúshlán atá ann maidir leis an gcomhshaol, paindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. I mí an Mheithimh 2023[6], gheall an Chomhairle Eorpach go leanfaí de thacaíocht láidir airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá. Rinne sí tagairt freisin don ghá atá le hacmhainneacht straitéiseach na hEorpa a mhéadú chun go nglacadh sí níos mó freagrachta as a cosaint féin. Sna conclúidí uaithi i mí an Mhárta 2023[7], thug sí dá aire go n-áiritheodh an tAontas a chuid iomaíochas trí oiriúnú don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus é sin gan aon duine a fhágáil ar lár. Beidh gá, leis na gealltanais sin, le hiarrachtaí leanúnacha agus gníomhaíocht chomhleanúnach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

---

4 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1
5 IO C 491, 23.12.2022, lch. 1
6 EUCO 7/23
7 EUCO 4/23

**Timthriall bliantúil an chlársceidealaithe**

I dTuarascáil 2023 ón gCoimisiún maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach[8], cuirtear ionchur luachmhar ar fáil i dtaca le timthriall an chlársceidealaithe reachtaigh. Tar éis féachaint ar na príomhdhúshláin lena socrófar aistriú ár sochaí agus ár ngeilleagair i dtreo samhail lena n-urramófar teorainneacha pláinéadacha, agus iomaíochas domhanda, agus fondúireachtaí sóisialta láidre agus athléimneacht á gcosaint, sainaithnítear sa tuarascáil deich réimse le haghaidh gníomhaíochta chun cuspóirí Eoraip atá inbhuanaithe go sóisialta agus go heacnamaíoch a bhaint amach le ról níos láidre sa domhan sna blianta amach romhainn, agus ar an gcaoi sin, an gealltanas maidir leis an aistriú i dtreo na hinbhuanaitheachta á chomhlíonadh.

Leagfar amach sa *Litir intinne*[9] ón gCoimisiún na príomhghnéithe lena dtreorófar ullmhú Chlár Oibre 2024 an Choimisiúin atá ar na bacáin. Leagtar béim sa litir ar a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt do bhailchríoch a chur ar na tograí reachtacha a tíolacadh cheana ar feadh a bhfuil fágtha den téarma, agus, mar gheall air sin, nach bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún gan ach líon teoranta tionscnamh nua a thíolacadh lena léireofar na gealltanais a tugadh cheana nó lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Sainaithnítear 18 bpríomhthosaíocht sna sé thosaíocht pholaitiúla atá ag an gCoimisiún sa *Litir Intinne*.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí tuairimí a mhalartú maidir leis na príomhthosaíochtaí agus na príomhthionscnaimh don bhliain seo chugainn bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:

1. An aontaíonn na hairí leis na tionscnaimh atá beartaithe agus a chuirtear i láthair sa *Litir Intinne*?

2. Cad iad na tionscnaimh is mó a bhfuil gá leo i do thuairimse?

**Na chéad chéimeanna eile**

Déanfaidh an Uachtaránacht achoimre ar an bplé sa Chomhairle i litir chuig Uachtarán an Choimisiúin. Beidh sé sin mar ionchur don chuid eile de thimthriall bliantúil an chlársceidealaithe reachtaigh, a mbeidh Clár Oibre 2024 an Choimisiúin mar thoradh air, agus a chuirfear i láthair agus a phléifear ag cruinniú den Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) i bhfómhar 2023.

---

8 11782/23
9 12541/23